



Tuiscint & forbairt foclóra

Focail agus frásaí a bhaineann le daoine a chur in aithne dá chéile



Feasacht teanga

mac le; aithne, fios, eolas



Scileanna cumarsáide

Ag casadh le daoine agus ag cur daoine in aithne

A: TUISCINT AGUS FORBAIRT FOCLÓRA

1. Líon na bearnaí

Féach siar ar an mír físe, más gá, chun cabhrú leat na bearnaí sa chomhrá a líonadh.

mac in aithne Thaidhg	do bheatha mhacsa le	leat Tadhg duit
-----------------------------	----------------------------	-----------------------

John Joe:	Seo anseo _____ Ó Direáin. A Thaidhg, ba mhaith liom Manus a chur _____ duit. Mo mhac.
Manus:	Tá go leor cloiste agam fá dtaobh duit, ó mo mháthair.
Noreen:	Fáilte romhat, a Mhanuis. Seo mo dheartháir, Stiofán. Stiofán, seo Manus, mac _____ John Joe.
Stiofán:	Ceann eile? A Mhaighdean. Cé mhéad ____ atá aige?
Manus:	Deas castáil _____, a Stiofáin.
Stiofán:	Agus leatsa. So, a Mhanuis, cá háit a dtáinig tusa as?
Che:	Chas muid ar a chéile sa siopa níos luaithe.
Crystal:	B'fhéidir gur cheart dom mo mhac a chur in aithne _____ mar is ceart, a _____ . Seo Che, mo _____ .
Tadhg:	Che.
Che:	Cosúil le Che Guevara.
Tadhg:	Nó Che ' _____ a Mhuire'.

2. An focal ‘castáil’

Chuala sibh an frása ‘*Deas castáil leat*’ sa mhír. Is focal canúnach é ‘castáil’. Cad é an leagan caighdeánach den fhocal sin? Féach san fhoclóir, más gá. (Leid: Cuardaigh ainm briathartha an bhriathair ‘cas’).

B: FEASACHT TEANGA

1. ‘Cé leis thú?’

Agus tú ag obair leis an duine in aice leat, pléigí na ceisteanna seo thíos:

a) Cad is brí leis an bhfrása seo: ‘Cé leis thú?’

b) Cathain a úsáidtear an frása sin? Tabhair samplaí.

2. ‘mo chara’ vs ‘cara liom’

Pléigí na difríochtaí céille atá idir na fráasaí seo:

- | | | |
|--------------------|----|--------------|
| a) mo chara | vs | cara liom |
| b) mac le John Joe | vs | mac John Joe |
| c) Cé leis thú? | vs | Cé thusa? |

3. ‘Áine s’againne’

Is minic a deirtear leithéidí, *Seo Áine s’againne*. Cad is brí leis sin?

4. ‘to know’ as Gaeilge

An cuimhin libh ón bhfíseán cén comhthéacs ina n-úsáidtear na focail seo thíos chun an briathar ‘know’ a aistriú go Gaeilge? Féachaigí siar ar an bhfíseán arís, más gá. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cuirigí na focail seo thíos in abairtí:

a) aithne	
b) cur amach	
c) eolas	
d) fios	
e) tá ... agam	

5. Aistrígí go Gaeilge

Aistrígí na habairtí seo go Gaeilge anois:

a) Do you know the answer?

b) I've no knowledge of history.

c) I didn't know that you play golf.

d) I have good communication skills.

e) I don't know that story.

f) I know this much.

g) I know what you did last summer.

h) Do you know Galway yourself?

i) I'm musical.

j) Do you know Sonia? I knew her mother well.

C: CUMARSÁID

1. Aistrígí go Gaeilge

Agus tú ag obair leis an duine in aice leat, aistrígí na habairtí thíos go Gaeilge:

a) This is ...	
b) I'd like to introduce ...	
c) Do you know Seán?	
d) I know them to see.	
e) Who are you?	
f) Who do you belong to? (Who is your family?)	
g) Here's my friend, Mary.	
h) I'm Bríd's daughter.	

2. Mionchaint

Nuair a chastar daoine orainn den chéad uair, bíonn orainn mionchaint a dhéanamh. Ní bhímid ag iarraidh a bheith drochbhéasach! Bígí ag obair i ngrúpa de cheathrar agus tugaigí faoi na tascanna seo le chéile:

- Sa tábla thíos, scríobhaigí liosta de na topaicí is coitianta a bhíonn i gceist sa mhionchaint.
- Scríobhaigí ceist agus freagra samplach a bhaineann le gach topaic. Tá sampla amháin déanta daoibh.

Topaicí	Samplaí:
Cúlra	<i>Cad as duit? As Gaillimh. Agus tú féin?</i>

3. Rólghníomhaíochtaí

Bígí ag obair i ngrúpa de cheathrar. Tabharfaidh an teagascóir cárta rólghníomhaíochta do gach duine. Is tusa an duine sa phictiúr. Seo an *scenario*:

Tá sibh ag cóisir oíche Dé hAoine agus is sibhse na chéad daoine atá leaindeáilte. Níl aithne agaibh ar a chéile. Tá ceathrú uaire agaibh sula dtiocfaidh na haíonna eile. Caithfidh sibh an tost léanmhar sa seomra a bhriseadh. Cuirigí sibh féin in aithne dá chéile agus bígí ag mionchaint ar feadh tamaill.

*Níl sna pointí ar na rólchártaí ach treoir. Fúibh féin atá sé forbairt a dhéanamh orthu. Cuirigí bhur samhlaíocht ag obair chun cur leis an eolas ar an gcárta, nuair is féidir.

FREAGRAÍ

A: TUISCINT & FORBAIRT FOCLÓRA

1. Líon na bearnaí

- John Joe: Seo anseo Tadhg Ó Direáin. A Thaidhg, ba mhaith liom Manus a chur in aithne duit. Mo mhac.
- Manus: Tá go leor cloiste agam fá dtaobh duit, ó mo mháthair.
- Noreen: Fáilte romhat, a Mhanuis. Seo mo dheartháir, Stiofán. Stiofán, seo Manus, mac le John Joe.
- Stiofán: Ceann eile? A Mhaighdean. Cé mhéad mac atá aige?
- Manus: Deas castáil leat, a Stiofáin.
- Stiofán: Agus leatsa. So, a Mhanuis, cá háit a dtáinig tusa as?
- Che: Chas muid ar a chéile sa siopa níos luaithe.
- Crystal: B'fhéidir gur cheart dom mo mhac a chur in aithne duit mar is ceart, a Thaidhg. Seo Che, mo mhacsa.
- Tadhg: Che.
- Che: Cosúil le Che Guevara.
- Tadhg: Nó Che 'do bheatha a Mhuire'.

2. An focal 'castáil'

Féach: www.teanglann.ie

teanglann.ie/ga/gram/cas

Baile Foclóir Nua Béarla–Gaeilge » Eolas ▼ Gaeilge English

cas

Cuardaigh focal Gaeilge nó Béarla. Roghanna cuardaigh ▼

Focail chosúla: **cas** · as · cais · casc · case

teanglann.ie

LEABHARLANN TEANGA AGUS FOCLÓIREACHTA

AR FÁIL ANOIS SAN App Store AR FÁIL ANOIS SAN Google play

Foclóir Gaeilge–Béarla Ó Dónaill, 1977

An Foclóir Beag Ó Dónaill & Ua Maoileoin, 1991

English–Irish Dictionary de Bhaldraithe, 1959

Gramadach Foghraíocht

AN DRAOI GRAMADAÍ

Tosach A B **C** D E F G H I J K L M N O P Q R S T U V W X Y Z

cas
• BRIATHAR

AINM BRIATHARHA
casadh

AIDIACHT BHRIATHARHA
casta

Cartúiseach
cartún
cartúnaí
cartúr
cartús

B: FEASACHT TEANGA**1. Cé leis thú?**

- a) Cé hiad do thuismitheoirí/mhuintir?
- b) Nuair a chasann tú le duine den chéad uair. Mar shampla:

- A: Cé leis thú?
- B: Mac le Sonny Derrane.
- A: As Ros na Rún?
- B: Is ea!
- C: Mac le Crystal thú?
- D: Is ea.

2. Difríochtaí céile

- a) **Mo chara (*my one and only friend*):** Deirtear é sin go minic sa Ghaeilge ach tá sé míchruinn. Is cosúil go bhfuil sé bunaithe ar an leagan Béarla, *my friend*. Tugann ‘mo chara’ le fios nach bhfuil agat ach cara amháin ar domhan.

Cara liom (*my friend / one of my friends*): Seo a deirtear i nGaeilge chun a thabhairt le fios gur duine de do chuid cairde atá i gceist. Deirtear ‘cara de mo chuid’ freisin.

- b) **Mac le John Joe:** *one of John Joe’s sons*
Mac John Joe: *John Joe’s son*

- c) **Cé leis thú? (*who is your family?*):** Cé hiad do thuismitheoirí/do mhuintir?
Cé thusa? (*who are you?*): Cén t-ainm atá ortsa?

3. ‘Áine s’againne’

Ciallaíonn sé ‘our Áine’. Is é sin le rá, go bhfuil Áine muinteartha leis an gcainteoir.

4. 'to know' as Gaeilge

Féach:

a) aithne	Tá aithne agam ar an bhfear sin.
b) cur amach	An bhfuil aon chur amach agat ar Pháras?
c) eolas	Níl rialacha an chluiche rugbaí ar eolas agam.
d) fios	An bhfuil a fhios agat cá bhfuil an leithreas?
e) tá ... agam	Tá Gaeilge agam.

5. Aistrigh go Gaeilge

Tugtar treoir ghinearálta san fhíseán a théann leis an gceacht seo ar conas na frásaí éagsúla a úsáid. Féach:

a) Do you know the answer? <i>An bhfuil an freagra ar eolas agat?</i>
b) I've no knowledge of history. <i>Níl aon chur amach agam ar an stair. Nó: Níl aon eolas agam ar an stair.</i> <i>(Tá 'eolas' agus 'cur amach' inmhalartaithe i gcomhthéacsanna áirithe)</i>
c) I didn't know that you play golf. <i>Ní raibh a fhios agam go n-imríonn tú galf!</i>
d) I have good communication skills. <i>Tá scileanna maithe cumarsáide agam.</i>
e) I don't know that story. <i>Níl an scéal sin ar eolas agam.</i>
f) I know this much. <i>Tá a fhios agam an méid seo.</i>
g) I know what you did last summer <i>Tá a fhios agam céard a rinne tú an samhradh seo caite!</i>
h) Do you know Galway yourself? <i>An bhfuil cur amach/eolas agat féin ar Ghailimh?</i>
i) I'm musical. <i>Tá ceol agam.</i>
j) Do you know Sonia? I knew her mother well. <i>An bhfuil aithne agat ar Sonia? Bhí aithne mhaith agam ar a máthair.</i>

C: CUMARSÁID**1. Aistrigh go Gaeilge:**

a) <i>This is ...</i>	Seo ...
b) <i>I'd like to introduce ...</i>	Ba mhaith liom x a chur in aithne duit ...
c) <i>Do you know Seán?</i>	An bhfuil aithne agat ar Shéan?
d) <i>I know them to see.</i>	Tá aithne shúl agam orthu.
e) <i>Who are you?</i>	Cé thusa?
f) <i>Who do you belong to? (Who is your family?)</i>	Cé leis thú?
g) <i>Here's my friend, Mary.</i>	Seo cara liom, Mary. Seo Mary, cara de mo chuid.
h) <i>I'm Bríd's daughter.</i>	Is iníon le Bríd mé.

2. Mionchaint:

Abair leo plé a dhéanamh ar na topaicí cainte a bhíonn ag daoine agus iad i mbun mionchainte. Déan comparáid ansin idir na tuairimí a bhí ag na grúpaí ar fad. Tá roinnt samplaí tugtha thíos, ach is cinnte go mbeidh topaicí eile ag na foghlaimeoirí.

Topaicí:	Samplaí:
Cúlra	<i>Cad as duit?</i> <i>As Gaillimh. Agus tú féin?</i>
An áit a bhfuil sibh	<i>An bhfuil tú i do chónaí anseo anois?</i> <i>Tá, le bliain anuas. Agus tusa?</i>
Spórt	<i>An bhfaca tú Sasana i gcoinne na Gearmáine inné?</i> <i>Ní fhaca. Cé a bhuaigh?</i>
Aimsir	<i>Tá drochlá ann.</i> <i>Tá cinnte.</i>
Ábhar spéise	<i>An imríonn tú spórt?</i> <i>Imrím peil Ghaelach. Cad fút féin?</i>
Obair / oideachas	<i>An bhfuil tú ag déanamh na hArdteiste i mbliana?</i> <i>Níl. An bhliain seo chugainn. Agus tú féin?</i>
Cúrsaí taistil	<i>An mbeidh tú ag dul ar laethanta saoire go luath?</i> <i>Beidh. Beidh muid ag dul chun na Spáinne. Agus sibh féin?</i>

3. Rólghníomhaíocht:

Bíodh na cártaí (atá ag deireadh na nótaí seo) gearrtha amach agat roimh an rang. Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar agus tabhair cárta amháin do gach duine. Tabhair deis dóibh an rólghníomhaíocht a dhéanamh le chéile. Bí ag siúl timpeall ag tacú leo agus iarr ar na grúpaí a gcuid samplaí den mhionchaint a chur i láthair an chuid eile den rang.

AN SCRIPT

Intreoir

Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún. Sraith a dó, ceacht a haon – Cé leis thú? – Ag cur daoine in aithne. Geallaim duit go mbeidh aithne mhaith agat ar mhuintir Ros na Rún faoi dheireadh na sraithe seo. Ach ar dtús, cuirfidh muid cuid acu in aithne duit. Ar ndóigh, is iomaí bealach atá ann sa Ghaeilge le daoine a chur in aithne, i gcomhthéacsanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Sa cheacht seo, caithfidh muid spotsolas ar chuid acu. *In this lesson, we will look at different ways to introduce people and to explain the connections between them.* Féach anois ar na carachtair ag cur gaolta leo in aithne do dhaoine eile.

An mhír físe ó Ros na Rún

JJ: Seo anseo Tadhg Ó Direáin. A Thaidhg, ba mhaith liom Manus a chur in aithne duit. Mo mhac.

Manus: Tá go leor cloiste agam fá dtaobh díot, ó mo mháthair.

Noreen: Fáilte romhat, a Mhanuis. Seo mo dheartháir, Stiofán. Stiofán, seo Manus, mac le John Joe.

Stiofán: Ceann eile? A Mhaighdean. Cé mhéad mac atá aige?

Manus: Deas castáil leat, a Stiofáin.

Stiofán: Agus leatsa. So, a Mhanuis, cá háit a dtáinig tusa as?

Che: Chas muid ar a chéile sa siopa níos luaithe.

Crystal: B'fhéidir gur cheart dom mo mhac a chur in aithne duit mar is ceart, a Thaidhg. Seo Che, mo mhacsa.

Tadhg: Che.

Che: Cosúil le Che Guevara.

Tadhg: Nó 'Sé do bheatha Mhuire'.

An Garda: *Oh right* agus cé thusa?

Sonny: Sonny Derrane.

An cuimhin leat?

An cuimhin leat na frásaí seo a leanas a chuala tú sna míreanna?

Who are you?

This is Tadhg Ó Direáin.

This is my brother, Steven.

This is Manus, John Joe's son.

Cé thusa?

Seo anseo Tadhg Ó Direáin

Seo mo dheartháir, Stiofán.

Seo Manus, mac le John Joe.

Bhí roinnt samplaí beagán níos foirmiúla le cloisteáil sna míreanna freisin. An cuimhin leat na cinn seo?

Samplaí níos foirmiúla

I'd like to introduce you to Manus. Ba mhaith liom Manus a chur in aithne duit.

Maybe I should introduce you properly to my son. B'fhéidir gur cheart dom mo mhac a chur in aithne duit mar is ceart.

Agus cén sórt freagra a thugtar nuair a chuirtear duine in aithne duit? Seo na cinn a bhí ag ár gcairde sna míreanna:

It's nice to meet you.

'Deas castáil leat' nó 'tá sé go deas casadh leat'.

I've heard a lot about you.

'Tá go leor cloiste agam fá dtaobh duit,' nó 'fút'.

We met earlier.

Chas muid ar a chéile níos luaithe.

Where did you come from?

Cá háit a dtáinig tusa as?

Ar thug tú faoi deara 1?

Ar thug tú faoi deara an tslí a ndúirt Noreen, 'Seo Manus, mac le John Joe.' Sa Bhéarla, is minic a chuirtear *my* roimh fhocail a bhaineann le daoine, ar nós *my friend*, *my colleague*, *my neighbour*. Níl an nós céanna sin sa Ghaeilge áfach. Má deir tú 'mo chara' sa Ghaeilge, tá tú ag tabhairt le fios nach bhfuil agat ach cara amháin ar domhan. *In Irish, we don't usually put the word 'my' before a word like friend, unless we want to imply that we only have one friend in the whole wide world!* Is fearr i bhfad 'cara liom', *a friend of mine*, a rá, nuair atá tú ag labhairt faoi do chuid cairde. Is féidir an struchtúr seo a úsáid freisin nuair atá tú ag caint faoi do chuid gaolta, comhghleacaithe nó comharsana, mar shampla:

Is deartháir le Conall é Manus.

Is dlúthchara le Bernie í Bobbi Lee.

Is mac cleamhnais le John Joe é Mack.

Is gariníon le Vera í Leonora.

Is comharsa le Laoise é John Joe.

Is maith le muintir na hÉireann a fháil amach i gcónaí cé as do dhuine agus cé leis a bhfuil siad gaolta. Is minic mar sin a úsáidtear an cheist, 'Cé leis thú?' / *Who do you belong to?* nuair a chasann daoine ar a chéile den chéad uair.

Cé leis thú?

Iníon le Mícheál Seoighe.

As Ros na Rún?

Is ea!

Iníon le Laoise thú?

Is í mo leasmháthair í.

Agus, cé leis thú féin?

Ar thug tú faoi deara 2?

Pléifimid anois na slite atá ann i nGaeilge chun an focal Béarla *know* a úsáid.

Aithne

Mar a chonaic muid sna míreanna sin, bíonn aithne agat ar dhaoine amháin:

An bhfuil aithne agat ar Mhanus?

Tá aithne shúl agam air.

Cur amach

Bíonn cur amach againn ar ábhar nó ar áit, mar shampla:

Tá cur amach ag mo dheartháir ar Bhostún.

Níl aon chur amach agam ar stair na healaíne.

Eolas

Bíonn rudaí nó fíricí ar eolas againn:

An bhfuil an t-amhrán sin ar eolas agat?

Níl an riail sin ar eolas agam.

Fios

Úsáidtear an focal ‘fios’ ar bhealach cineál ginearálta, i bhfrásaí den chineál seo:

Leis féin - Tá a fhios agam.

Le focail ar nós ‘seo, sin agus faic’ - Níl a fhios agam faic faoi sin.

Le ceist - An bhfuil a fhios agat cá bhfuil sé?

Agus leis an chaint indíreach – ní raibh a fhios agam go raibh tú anseo.

Tá x agam

Agus má tá scil nó cumas agat, baintear úsáid as an struchtúr ‘tá x agam.’:

Tá snámh agam.

Tá Gaeilge agam.

An bhfuil tiomáint agat?

Féach ar na bileoga oibre a théann leis an fhíseán seo ar snas.ie, le dul siar ar na rudaí ar fad atá ar eolas agat anois.

Le gearradh amach roimh an rang:



Colm

Cúlra:

- as Nua-Eabhrac ó dhúchas
- ina chónaí i mBéal Feirste

Aois:

- 19

Oideachas:

- an chéad bhliain san ollscoil

Ábhair spéise:

- snámh
- spórtlann

Laethanta saoire:

- ag dul abhaile



Susan

Cúlra:

- as Ciarraí ó dhúchas
- ina chónaí i mBéal Feirste

Aois:

- 17

Oideachas:

- 5ú bliain

Ábhair spéise:

- peil Ghaelach
- cóitseálaí peile

Laethanta saoire:

- Gaillimh



Jake

Cúlra:

- as Gaillimh ó dhúchas
- ina chónaí i mBéal Feirste

Aois:

- 17

Oideachas:

- 5ú bliain

Ábhair spéise:

- ceol
- cairde

Laethanta saoire:

- An Spáinn



Áine

Cúlra:

- as Sligeach ó dhúchas
- ina chónaí i mBéal Feirste

Aois:

- 19

Oideachas:

- an chéad bhliain san ollscoil

Ábhair spéise:

- saol sóisialta
- ceol beo

Laethanta saoire:

- ag dul abhaile